**Faisnéis faoin mbeart leantach a rinneadh maidir leis an ngearán a cláraíodh faoin uimhir thagartha CPLT(2013)02870 – Mí-úsáid a d'fhéadfadh a bheith bainte as conarthaí téarma shocraithe comhleantacha in earnáil phoiblí na hIodáile - uasdátú**

Tagraíonn an Coimisiún Eorpach don tsraith gearán a fuair sé maidir leis easpa beart chun cosc a chur ar mhí-úsáid conarthaí téarma shocraithe comhleantacha in earnáil phoiblí na hIodáile agus an easpa pionós i gcásanna mí-úsáide.

Is iad seo a leanas na conarthaí agus na fostaithe lena mbaineann:

- baill foirne atá fostaithe i bhfondúireachtaí ceoldrámaíochta agus ceolfhoirne na hIodáile;
- conarthaí téarma shocraithe a thugtar i gcrích le múinteoirí agus le baill foirne cúnta de chineál riaracháin agus teicniúil chun folúntais shealadacha a líonadh;
- conarthaí téarma shocraithe a thugtar i gcrích le baill foirne cúraim sláinte, ar a n-áirítear bainisteoirí, sa tSeirbhís Náisiúnta Sláinte;
- conarthaí téarma shocraithe a thugtar i gcrích le hoibrithe in earnáil an ardoideachais san ealaín, sa cheol agus sa damhsa ('AFAM'), earnáil arb é an Ministero dell'Istruzione Università e Ricerca ('MIUR'), an Aireacht um Oideachas, um Ollscoileanna agus um Thaighde, atá ina údarás maoirseachta uirthi;
- conarthaí téarmaí shocraithe a thugtar i gcrích le baill foirne in institiúidí taighde poiblí;
- caidrimh fostaíochta idir fostóirí in earnáil na talmhaíochta agus oibrithe ar chonarthaí téarma shocraithe, mar a shainmhínítear in Airteagal 12, fomhír 2 de Fhoraithne Reachtach Uimh. 373 an 11 Lúnasa 1993, go háirithe oibrithe foraoiseachta;
- gairmeacha chun seirbhíse ar fhoireann dheonach na briogáide náisiúnta dóiteáin.

Tá dálaí oibre is lú fabhar ag roinnt de na hoibrithe sin i gcomparáid le hoibrithe buana, go háirithe maidir le haitheantas a thabhairt do sheirbhísí a chuirtear ar fáil faoi chonarthaí ar chonarthaí téarma shocraithe.

Scrúdaigh an Coimisiún dlí ábhartha na hIodáile agus tháinig sé ar an gconclúid nach bhfuil sé i gcomhréir le clásal 4 agus le clásal 5 den Chreat-Chomhaontú maidir le hobair téarma shocraithe atá i gceangal le Treoir 1999/70/CE[1]. Dá bhrí sin, chinn sé tús a chur le nós imeachta um shárú (INFR(2014)4231)[2] trí litir fógra fhoirmiúil a sheoladh an 17 Iúil 2019. Eisíodh litir fógra fhoirmiúil bhreise an 3 Nollaig 2020.

An 19 Aibreán 2023 chuir an Coimisiún tuairim réasúnaithe chuig an Iodáil, ós rud é nach raibh na mínithe a thug an Iodáil ina freagraí ar na litreacha fógra fhoirmiúil a seoladh an 17 Iúil 2019 agus an 3 Nollaig 2020 sásúil. Sheol an Iodáil dhá fhreagra ar an tuairim réasúnaithe an 19 Meitheamh 2023 agus an 11 Lúnasa 2023. Tá na freagraí sin á measúnú faoi láthair.

---

[1] Treoir 1999/70/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 i dtaca leis an gCreat-Chomhaontú maidir le hobair téarma shocraithe a thug CEC, UNICE agus CEEP i gcrích, IO L 175, 10.7.1999, lch. 43

[2] Dlí an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm (europa.eu)

Coinneoidh an Coimisiún na gearánaigh ar an eolas tríd an suíomh gréasáin seo[3] faoi aon bheart leantach a chinnfidh an Coimisiún a dhéanamh i leith an nós imeachta um shárú sin.

[3] Cinntí agus fógraí eile maidir le hilghearáin (europa.eu)